

# Eleathanach271

Dé Luain 2 Deireadh Fómhair 2017

## Craobh Oscailte Gailf na Breataine

Ag an deireadh seachtaine, bhuaigh Paul Dunne Craobh Oscailte Gailf na Breataine. Is as na Clocha Liatha é Pól. Níor bhuaigh sé comórtas gailf ag an leibhéal seo roimhe seo agus bhí áthas an domhain air. Bhí Rory McIlroy sa dara háit ach d'éirigh níos fearr le Paul Dunne. Chríochnaigh Pól ar 20 faoi bhun an par.

## Craobhchomórtas Rámhaíochta an Domhain

An tseachtain seo caite bhí Craobhchomórtas Rámhaíochta an Domhain ar siúl in Florida. Bhuaigh Paul O'Donovan rás éadrom-mheácháin singil na bhfear agus fuair sé bonn óir. Bhuaigh Mark O'Donovan agus Shane O'Driscoll bonn óir freisin sa rás éadrom-mheácháin do bheirt.

Bhí Sanita Puspure san iomaíocht Dé Domhnaigh chun bonn eile a fháil d'Éirinn. Chríochnaigh sí sa cheathrú háit. Bhí díomá uirthi agus ar an lucht leanúna mar ní raibh sí ach 0.35 soicind taobh thiar den tríú háit.



## Strictly Come Dancing

Tá an clár *Strictly Come Dancing* ar ais ar an teilifís. Tá daoine cáiliúla ag glacadh páirte agus ag damhsa gach Satharn.

Ansin gach Domhnach, ag brath ar vótaí na moltóirí agus an lucht éisteachta, bíonn ar dhá chúpla damhsa arís. Ag an deireadh seachtaine d'fhág an t-aisteoir ó *Holby City*, Chizzy Akudolu, an comórtas.

I mbliana níl Len Goodman mar mholtóir ar an gclár toisc gur éirigh sé as an bhliain seo caite. Tá Shirley Ballas ann ina áit agus anois tá sí i gceannas ar phainéal na moltóirí.



## Duais Eile Buaithe ag Ionad Turasóireachta in Éirinn

Tá Inis Píic suite i gCuan Chorcaí. Tá sí an-stairiúil. Sa seachtú haois bhí mainistir ar an oileán agus manaigh ina gcónaí inti. Ansin san ochtú haois déag bhunaigh na Sasanaigh dún agus príosún ar an oileán.

Bhí príosún ann go dtí an bhliain 2004 - ba ann a cuireadh daoine a bhí ag goid carranna agus ag tiomáint go dáinséarach. Le déanaí chaith Comhairle Chontae Chorcaí sé mhilliún Euro ag cóiriú na háite. Tá ionad turasóireachta ann anois agus thug 45,000 duine cuairt ar an oileán i mbliana.

Ag an deireadh seachtaine, ag na Duaiseanna Taistil Domhanda sa Rúis, bronnadh an chéad duais ar Ionad Turasóireachta Inis Píic. Anuraidh bhuaigh *The Titanic Visitor Centre* i mBéal Feirste an duais agus an bhliain roimhe sin bhuaigh *The Guinness Storehouse* i mBaile Átha Cliath.

